Coimisiún na Meán

# Cáipéis Chomhairliúcháin: Ordú Tobhaigh 2025

Dáta foilsithe: An 2 Meán Fómhair 2024
Spriocdháta le haghaidh freagartha: An 2 Deireadh Fómhair 2024

Comhairliúchán maidir leis an Ordú Tobhaigh beartaithe i leith na tréimhse tobhaigh ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025, faoi na hAchtanna um Rialáil Craolacháin agus Meán Eile 2009, 2022 agus 2024.

# Clár Ábhar

**Clár Ábhar** 2

**1 Réamhrá agus cúlra** 4

**2 Cuspóir an chomhairliúcháin** 5

**3 Saincheisteanna lena mbreithniú** 5

**4 Leagan amach na samhla tobhaigh beartaithe** 6

4.1 An líon tobhach 6

4.2 Cur chuige tobhaigh beartaithe do chraoltóirí teilifíse 7

4.2.1 Alt 71 conraitheoirí 8

4.3 Cur chuige tobhaigh beartaithe do chraoltóirí raidió / fuaime 8

4.4 Cur chuige tobhaigh beartaithe do sholáthraithe físeán ar éileamh 9

4.5 Cur chuige tobhaigh beartaithe do sholáthraithe seirbhísí ainmnithe ar líne 9

4.6 Cur chuige tobhaigh beartaithe do sholáthraithe seirbhíse idirghabhála (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) 10

4.7 Cur chuige tobhaigh beartaithe do sholáthraithe seirbhísí óstála (TCOR) 11

**5 Breithnithe eile** 11

5.1 Raon geografach na méadrachta 11

5.2 Tréimhse ama na méadrachta 11

5.3 Soláthraithe seirbhísí iomadúla 12

5.4 Díolúintí de minimus 12

5.5 Clár maidir le Dearbhú an Réitigh Tobhaigh 12

**6 An tréimhse chomhairliúcháin agus conas freagra a thabhairt** 13

**7 Úsáid faisnéise** 13

7.1 Sonraí pearsanta 13

| | | |
|---|---|---|
| 7.2 | Faisnéis rúnda | 13 |
| 7.3 | Saoráil faisnéise | 14 |
| **Iarscríbhinn 1 Ordú Tobhaigh Reatha I.R. Uimh. 175/2024** | | **14** |
| **I.R. Uimh. 175/2024 – An tAcht Craolacháin 2009 (Alt 21) Ordú Tobhaigh 2024** | | **14** |

# 1 Réamhrá agus cúlra

Tar éis leasuithe a rinneadh leis an Acht um Sheirbhísí Digiteacha (Tobhach), 2024, leis na hAchtanna um Rialáil Craolacháin agus Meán Eile, 2009 agus 2022 (“an tAcht”), is é sin an tAcht Craolacháin 2009, arna leasú leis an Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán 2022, cumhachtaítear do Choimisiún na Meán (“an Coimisiún”) anois ordú tobhaigh a fhorchur orthu seo a leanas:

- Soláthraithe seirbhísí meán closamhairc,
- Soláthraithe seirbhísí craolacháin fuaime,
- Soláthraithe seirbhísí ainmnithe ar líne,
- Soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha, agus
- Soláthraithe seirbhísí óstála.

Sainmhínítear seirbhísí idirghabhálacha leis an Rialachán ón Aontas Eorpach maidir leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha (2022/2065) mar cheann de na seirbhísí sochaí faisnéise seo a leanas:

i. seirbhís ‘cainéal fórach, arb é atá inti tarchur i líonra cumarsáide ar fhaisnéis arna soláthar ag faighteoir na seirbhíse, nó soláthar rochtana ar líonra cumarsáide,
ii. seirbhís ‘taiscthe’ arb é atá inti tarchur i líonra cumarsáide ar fhaisnéis arna soláthar ag faighteoir na seirbhíse, a bhaineann le stóráil uathoibríoch, idirmheánach agus shealadach na faisnéise sin, arna dhéanamh chun críche tarchur ar aghaidh na faisnéise chuig faighteoirí eile na seirbhíse arna iarraidh acu, a dhéanamh níos éifeachtúla,
iii. seirbhís ‘óstála’ arb é atá inti stóráil faisnéise arna soláthar ag faighteoir na seirbhíse, agus arna iarraidh sin don fhaighteoir sin.

Déantar soláthraí seirbhísí óstála a shainmhíniú leis an Rialachán ón Aontas Eorpach maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne (TCOR) (2021/784) mar sholáthraí seirbhísí mar a shainmhínítear i bpointe (b) d’Airteagal 1 de Threoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, arb é atá iontu stóráil na faisnéise arna soláthar ag an soláthraí ábhair arna iarraidh sin do sholáthraí ábhair[1].

Le halt 21 den Acht foráiltear go bhféachfaidh an Coimisiún lena áirithiú go mbeidh méid na dtobhach uile i leith tréimhse thobhaigh leordhóthanach chun a chostais a thabhaigh sé i gceart sa tréimhse sin a íoc agus chun a cheanglais caipitil oibre a chomhlíonadh sa tréimhse sin, sa méid nach n-íoctar agus nach gcomhlíontar na costais agus na ceanglais sin ar aon bhealach eile.

In 2024, fuair an Coimisiún maoiniú státchiste i bhfoirm deontais ón Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Leis an deontas sin maoiníodh comhlíonadh fheidhmeanna an Choimisiúin i leith a róil mar Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na hÉireann faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha ón Aontas Eorpach agus mar údarás inniúil faoin Rialachán ón Aontas Eorpach maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne (TCOR). Fuair an Coimisiún maoiniú freisin i ndáil leis an gCiste Craolacháin.

An t-ordú tobhaigh reatha (I.R. Uimh. 175/2024 An tAcht Craolacháin 2009 (Alt 21) Ordú Tobhaigh 2024, rud atá iata in Iarscríbhinn 1) tagann deireadh leis an 31 Nollaig 2024. Dá bhrí sin, ceanglófar ordú tobhaigh nua chun comhlíonadh fheidhmeanna an Choimisiúin a mhaoiniú i ndáil leis na seirbhísí seo a leanas: seirbhísí closamhairc, seirbhísí craolacháin fuaime, seirbhísí ainmnithe ar líne, seirbhísí idirghabhálacha agus seirbhísí óstála.

[1] ciallaíonn ‘seirbhís’ aon seirbhís de chuid na sochaí faisnéise, is é sin, aon seirbhís a sholáthraítear de ghnáth ar luach saothair, ó chian, trí mheán leictreonach agus tar éis iarraidh aonair a fháil ó fhaighteoir seirbhísí.

# 2 Cuspóir an chomhairliúcháin

Leis an gcáipéis chomhairliúcháin seo iarrtar barúlacha ar thograí an Choimisiúin le haghaidh ordú tobhaigh i leith na tréimhse tobhaigh ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025. Déanfaidh an Coimisiún comhairliúchán arís in 2025 roimh ordú tobhaigh a dhéanamh do thréimhsí ina dhiaidh sin. Níor cheart aon cheann de na tuairimí a chuirtear in iúl sa cháipéis chomhairliúcháin seo a mheas mar fhasach le haghaidh tuairimí a d'fhéadfaí a ghlacadh i ndáil le haon orduithe tobhaigh ina dhiaidh sin a bhreithniú.

Beidh 2025 ar an gcéad bhliain ina mbeidh tobhaigh á bhforchur ag an gCoimisiún i ndáil lena ghníomhaíochtaí faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus faoi TCOR. Measann an Coimisiún gur stuama oibriú an chórais tobhaigh a athbhreithniú le linn na bliana roimh shocrú ar chóras fadtéarmach.

**Faisnéis faoin gcomhairliúchán poiblí a seoladh in 2023**

In 2023, sheol an Coimisiún comhairliúchán poiblí don ordú tobhaigh le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024. Is féidir teacht ar cháipéis comhairliúcháin tobhaigh 2023 anseo agus is féidir teacht ar an bhfreagra ón gCoimisiún ar an gcomhairliúchán anseo.

# 3 Saincheisteanna lena mbreithniú

Le halt 21(5) den Acht ceanglaítear go ndéanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas agus méid tobhaigh á ríomh i leith tréimhse thobhaigh:

- breithneoidh sé a chostais sa tréimhse sin le linn feidhmeanna a chomhlíonadh i ndáil le seirbhísí atá faoi réir tobhaigh, mar chion dá chostais sa tréimhse sin le linn feidhmeanna a chomhlíonadh i ndáil leis na seirbhísí uile, agus
- féachfaidh sé lena áirithiú go seasann an méid iomlán a fhorchuirtear ar mhodh tobhaigh i leith na tréimhse sin do chion comhfhreagrach den mhéid iomlán a fhorchuirtear ar mhodh tobhaigh i leith na tréimhse sin.

Le halt 21(9) den Acht ceanglaítear, agus foráil á déanamh le hordú tobhaigh maidir le modh ríofa tobhaigh agus maidir le haon díolúine nó iarchur, go mbreithneoidh an Coimisiún ábharthacht na dtosca seo a leanas:

a) maoiniú soláthraí, lena n-áirítear aon mhaoiniú poiblí,
b) a inmhianaithe atá sé seirbhísí nua nó nuálacha a chur chun cinn,
c) cineál agus scála na seirbhísí arna soláthar ag soláthraí,
d) aon toisc eile lena bhféadfar difear a dhéanamh do chomhlíonadh feidhmeanna arna dhéanamh ag an gCoimisiún i ndáil le soláthraí, lena n-áirítear, i gcás seirbhísí ainmnithe ar líne, ábhair dá dtagraítear in ailt 139E(3)(d), (e) agus (f) den Acht, agus
e) aon toisc eile lena bhféadfar difear a dhéanamh do chomhlíonadh feidhmeanna arna dhéanamh ag an gCoimisiún i ndáil le soláthraí seirbhíse idirghabhálaí lena n-áirítear má ainmníodh an soláthraí sin mar ardán an-mhór ar líne (VLOP) nó mar inneall cuardaigh an-mhór ar líne (VLOSE) faoi Airteagal 33 de Rialachán na Seirbhísí Digiteacha agus má gearradh an táille mhaoirseachta bhliantúil air faoi Airteagal 43 den Rialachán sin.

Ina theannta sin, measann an Coimisiún go bhfuil na tosca seo a leanas ábhartha agus ordú tobhaigh á dhéanamh do 2025:

- comhréireacht leis na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún agus a fheidhmeanna rialála á gcomhlíonadh aige,
- intuarthacht,
- simplíocht agus éifeachtúlacht costais sa riarachán, agus
- leanúnachas rialála.

Tá na tosca sin comhionann leo sin a breithníodh agus ordú tobhaigh 2024 á fhorbairt, cé is moite den toisc bhreise a bhaineann le soláthraithe seirbhíse idirghabhálaí, arb ann di sa reachtaíocht leasaithe. I gcás nach ndearnadh aon athrú ar mheasúnú an Choimisiúin ar ábharthacht na dtosca i dtaca lena bhreithniú roimhe sin, leis an gcomhairliúchán seo ní dhéantar ach tagairt don chinneadh roimhe sin gan an measúnú a athinsint go mion.

Agus ordú tobhaigh 2024 á fhorbairt, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar scéimeanna tobhaigh arna gcur chun feidhme ag rialálaithe éagsúla in Éirinn agus i ndlínsí eile. Leis an athbhreithniú tacaíodh le forbairt a dhéanamh ar an réimse roghanna féideartha do na cuir chuige thobhaigh bheartaithe, lena n-áirítear:

- tobhaigh bunaithe ar ioncam cáilitheach, e.g., céatadán seasta d'ioncam nó cur chuige bandáilte (mar atá i bhfeidhm faoi láthair le haghaidh craoltóirí),
- tobhach comhréidh (méid seasta),
- méideanna tobhaigh éagsúla de réir mhéid an eintitis, agus
- tobhach bunaithe ar an líon úsáideoirí.

Ar chúiseanna comhréireachta, cuireadh cur chuige maidir le tobhach comhréidh (méid seasta) as an áireamh le haghaidh tuilleadh breithnithe. Cuireadh cur chuige tobhaigh bunaithe ar bhrabús as an áireamh le haghaidh tuilleadh breithnithe ar chúiseanna leanúnachais rialála, simplíochta, costais riaracháin agus intuarthachta.

Measann an Coimisiún go leanann na conclúidí sin de bheith iomchuí d'ordú tobhaigh 2025.

# 4 Leagan amach na samhla tobhaigh beartaithe

## 4.1 An líon tobhach

Is é réamhthuairim an Choimisiúin gur cheart sé cinn de thobhaigh ar leith a bheith ann, lena dtugtar aghaidh orthu seo a leanas:

1. Craoltóirí teilifíse,
2. Craoltóirí raidió/fuaime,
3. Soláthraithe físeán ar éileamh,
4. Seirbhísí ainmnithe ar líne, lena n-áirítear Ardáin Comhroinnte Físeán (VSPanna),
5. Soláthraithe seirbhíse idirghabhálaí, agus
6. Soláthraithe seirbhísí óstála

Le haghaidh 2024, bhí ceithre thobhach ann. Déantar na tobhaigh le haghaidh soláthraithe seirbhíse idirghabhálaí agus soláthraithe seirbhíse óstála a shainordú leis an reachtaíocht leasaithe. Le haghaidh 2024, chinn an Coimisiún go mbeadh tobhaigh ar leithligh ann do chraoltóirí teilifíse agus soláthraithe físeán ar éileamh toisc nach raibh go leor faisnéise aige chun an tionchar a bheadh ag tobhach comhcheangailte a thuar go cruinn, agus é á aithint go raibh buntáistí ag baint le tobhach comhcheangailte sa mhéid gur fhág sin nár ghá don Choimisiún a chuid costas a chionroinnt idir teilifís agus físeáin ar éileamh, agus nár ghá do

chraoltóirí ag a raibh cistí poiblí á bhfáil a maoiniú poiblí a chionroinnt idir seirbhísí a d'iompair an t-ábhar céanna den chuid is mó.

Le haghaidh 2025, tá níos mó sonraí ag an gCoimisiún maidir le hioncam ábhartha na soláthraithe seirbhíse ach tugann sé faoi deara go bhfuil an rialáil ar fhíseán ar éileamh ag céim luath go fóill agus nach bhfuil aon taithí ann ar na costais iarbhír a bheidh i gceist le rialáil ar fhíseán ar éileamh nuair a bheidh gnéithe tionscnaimh den rialáil ar fhíseán ar éileamh curtha i gcrích. Ar an gcúis sin, measann an Coimisiún go mbeadh sé róluath aistriú chuig tobhach comhcheangailte do 2025.

## 4.2 Cur chuige tobhaigh beartaithe do chraoltóirí teilifíse

Le haghaidh 2024, chinn an Coimisiún an tobhach craolacháin roimhe sin a choinneáil do chraoltóirí teilifíse, i.e., an tobhach bunaithe ar ioncam cáilitheach, agus eilimint scála aistrithigh chúlchéimnitheach agus céatadán tobhaigh i gceist do gach banda d'ioncam cáilitheach. Is féidir teacht ar an gcéatadán tobhaigh le haghaidh gach banda d'ioncam cáilitheach sa cháipéis chomhairliúcháin, atá nasctha in alt 1.

Ní mheasann an Coimisiún go bhfuil forais láidre ann chun an cur chuige bandáilte a choinneáil. Maidir le cuid mhór de na costais a thabhaítear agus feidhmeanna an Choimisiúin á gcomhlíonadh, ní féidir iad a shannadh d'aon chraoltóir teilifíse aonair, agus measann an Coimisiún nach ceart an tuairim go bhfuil barainneacht scála ann i ndáil le craoltóirí móra. A mhéid a mhéadaítear an tobhach atá iníoctha ag craoltóirí beaga trí mhéaduithe na samhla bandáilte, is gnách go gcuirtear srian ar fhorbairt seirbhísí nua agus nuálacha le samhail bhandáilte. Níl sé chomh simplí sin samhail bhandáilte a riar ach oiread i gcomparáid le samhail ráta chomhréidh.

Mar sin féin, dá n-aistreofaí ó shamhail bhandáilte chuig samhail ráta chomhréidh, ba ghá le hathrú substaintiúil ar íocaíochtaí tobhaigh do chraoltóirí áirithe. Ar chúiseanna leanúnachais rialála, tá sé i gceist ag an gCoimisiún aistriú chuig ráta seasta thar thréimhse dhá bhliain. Beartaítear gur cheart tobhach 2025 a ríomh mar mheán na samhla bandabhunaithe cúlchéimnithí agus na samhla ráta sheasta. Tá sé beartaithe go mbeidh an tsamhail tobhaigh ráta sheasta glactha go hiomlán ó 2026 ar aghaidh, ach beidh an méid sin faoi réir an chomhairliúcháin bhreise atá beartaithe in 2025.

Seo a leanas an fhoirmle chun an tobhach do chraoltóirí teilifíse a ríomh:

**An tobhach atá iníoctha do Chraoltóirí Teilifíse = ½ * (B1 + B2) * Ioncam Cáilitheach**

Ríomhtar B1 agus úsáid á baint as an tsamhail tobhaigh bhandáilte chúlchéimnitheach de réir an ordaithe tobhaigh reatha. Ríomhtar B2 bunaithe ar ráta seasta.

<u>Ríomh na huimhreach uimhriúla B1:</u>

Ní mór do sholáthraí seirbhíse clár teilifíse a bhfuil a ioncam nó a hioncam cáilitheach bonnbhliana os cionn €500,000 tobhach a íoc, i leith na tréimhse tobhaigh, rud a ríomhtar faoi réir a ioncaim nó a hioncaim cháilithigh bonnbhliana i gcomhréir leis an tábla seo a leanas:

| Ioncam cáilitheach bonnbhliana | Céatadán Tobhaigh |
|---|---|
| €1 go €1,000,000 | B % |
| €1,000,001 go €10,000,000 | (B — 0.25) % |
| €10,000,001 go €20,000,000 | (B — 0.50) % |
| €20,000,001 go €45,000,000 | (B — 0.75) % |
| Os cionn €45,000,000 | (B — 1.75) % |

Cuirfear an tábla thuas i bhfeidhm ionas gurb amhlaidh, mar shampla:

a) sa tréimhse thobhaigh, ní mór d’íocóir tobhaigh nach bhfuil a ioncam cáilitheach bonnbhliana os cionn €1,000,000, tobhach a íoc atá comhionann le B % dá ioncam cáilitheach bonnbhliana; agus
b) sa tréimhse thobhaigh, ní mór d’íocóir tobhaigh a bhfuil a ioncam nó a hioncam cáilitheach bonnbhliana os cionn €1,000,000 ach nach bhfuil os cionn €10,000,000, tobhach a íoc atá comhionann le comhiomlán B % den chéad €1,000,000 dá ioncam nó dá hioncam cáilitheach bonnbhliana agus (B - 0.25) % dá ioncam nó dá hioncam cáilitheach bonnbhliana os cionn €1,000,000.

Ríomh na huimhreach uimhriúla B2:

B2 = Costais Mheasta rialáil na hearnála ÷ Ioncam cáilitheach na hearnála

### 4.2.1 Alt 71 conraitheoirí

Le haghaidh 2024, chinn an Coimisiún na táillí a gearradh faoi alt 71 conraitheoirí a tharscaoileadh agus tobhach seasta atá comhionann leis an táille a chur ina n-ionad. Beartaítear go gcoinneofar an cur chuige sin le haghaidh 2025. Ba é a thiocfadh as sin nach ndéanfaí aon athrú ar na méideanna a íocadh le halt 71 conraitheoirí in 2025 agus d’áiritheofaí leis sin go n-úsáidfí na méideanna sin chun laghdú a dhéanamh ar an méid atá le tobhach ar chraoltóirí teilifíse agus fuaime eile, seachas dul chun tairbhe d’íocóirí tobhaigh eile i gcatagóirí eile. Leis an gcur chuige sin, léirítear difríochtaí idir alt 71 conraitheoirí agus craoltóirí teilifíse agus fuaime eile ó thaobh leanúnachas rialála agus ar an mbealach a fheidhmítear feidhmeanna an Choimisiúin. Thabharfaí isteach an tobhach beartaithe ar bhealach atá comhsheasmhach le forálacha alt 71 den Acht.

## 4.3 Cur chuige tobhaigh beartaithe do chraoltóirí raidió / fuaime

Le haghaidh 2024, chinn an Coimisiún an struchtúr craolacháin roimhe sin a choinneáil do chraoltóirí fuaime, i.e., an tobhach bunaithe ar ioncam cáilitheach, agus eilimint scála aistrithigh agus céatadán tobhaigh i gceist do gach banda d’ioncam cáilitheach. Maidir leis na bandaí, a ríomhadh bunaithe ar an mbonn céanna le craoltóirí teilifíse, bhí céatadáin tobhaigh éagsúla acu de bharr costas éagsúil na rialála agus an ioncaim cháilithíoch éagsúil san earnáil trí chéile. Is féidir teacht ar an gcéatadán tobhaigh le haghaidh gach banda d’ioncam cáilitheach sa cháipéis chomhairliúcháin, atá nasctha in alt 1.

Ní mheasann an Coimisiún go bhfuil forais láidre ann chun an cur chuige bandáilte a choinneáil. Maidir le cuid mhór de na costais a thabhaítear agus feidhmeanna Choimisiún na Meán á gcomhlíonadh, ní féidir iad a shannadh d’aon chraoltóir fuaime aonair, agus measann an Coimisiún nach ceart an tuairim go bhfuil barainneacht scála ann i ndáil le craoltóirí móra. A mhéid a mhéadaítear an tobhach atá iníoctha ag craoltóirí beaga trí mhéaduithe na samhla bandáilte, is gnách go gcuirtear srian ar fhorbairt seirbhísí nua agus nuálacha le samhail bhandáilte. Tá sé rud beag níos deacra freisin samhail bhandáilte a riar ná mar atá sé samhail ráta chomhréidh a riar.

Ní mheastar go ndéanfaí aon difríocht shubstaintiúil d’aon íocóir tobhaigh dá n-aistreofaí chuig samhail ráta sheasta. Le haghaidh ordú tobhaigh 2025, tá sé á mholadh, dá bhrí sin, ag an gCoimisiún aistriú chuig tobhach ráta céatadáin sheasta, arna ríomh bunaithe ar na costais mheasta a bhaineann le rialáil a dhéanamh ar an earnáil agus ar ioncam cáilitheach na hearnála. Seo a leanas an fhoirmle chun an uimhir uimhriúil C a ríomh:

**C = Costais mheasta rialáil na hearnála ÷ Ioncam cáilitheach na hearnála**

## 4.4 Cur chuige tobhaigh beartaithe do sholáthraithe físeán ar éileamh

Le haghaidh 2024, chinn an Coimisiún gur cheart an tobhach a ghearradh ar sholáthraithe seirbhísí closamhairc cláraithe ar éileamh (físeán ar éileamh), agus gur cheart an tobhach a bheith ina chéatadán seasta d'ioncam cáilitheach, i.e., gan an cur chuige scála aistrithigh a glacadh chun na craoltóirí teilifíse agus raidió / fuaime a thobhach. Ba é a bhí i bhfoirmle na huimhreach uimhriúla D:

**D = Costais mheasta rialáil na hearnála ÷ Ioncam cáilitheach na hearnála.**

Measann an Coimisiún go bhfuil na cúiseanna lena chinneadh i leith thobhach 2024 fós bailí. Le haghaidh ordú tobhaigh 2025, is é réamhthuairim an Choimisiúin, dá bhrí sin, gur cheart dó an cur chuige céanna a choinneáil chun an tobhach a ríomh.

Tá barúlacha á lorg ag an gCoimisiún freisin i ndáil leis na foinsí ioncaim ar ioncam cáilitheach atá iontu do sholáthraithe físeán ar éileamh, mar a leagtar amach in alt 8 d'ordú tobhaigh 2024:

a) Ioncam idirbheartaíochta (lena n-áirítear ioncam íoc ar fhéachaint, agus ábhar ar éileamh a cheannach agus a ligean ar cíos),
b) Ioncam suibscríbhinne,
c) Ioncam fógraíochta (mar a shainmhínítear faoi "cumarsáid tráchtála" san Acht), agus
d) Maoiniú poiblí a fuarthas ón Rialtas nó ó chomhlacht poiblí i bhfoirm deontais.

## 4.5 Cur chuige tobhaigh beartaithe do sholáthraithe seirbhísí ainmnithe ar líne

Le haghaidh 2024, chinn an Coimisiún gur cheart an tobhach do sholáthraithe seirbhísí ainmnithe ar líne, lena n-áirítear VSPanna, a bheith bunaithe ar an líon úsáideoirí gníomhacha míosúla agus gur cheart an tobhach a bheith ina mhéid seasta do gach úsáideoir gníomhach míosúil. Ba é a bhí i bhfoirmle na huimhreach uimhriúla E a úsáideadh:

**E = Costais mheasta rialáil na hearnála ÷ Líon na n-úsáideoirí seirbhísí trasna na hearnála.**

Measann an Coimisiún go bhfuil na cúiseanna lena chinneadh i ndáil le tobhach 2024 fós bailí. Le haghaidh ordú tobhaigh 2025, tá sé á mholadh ag an gCoimisiún an cur chuige céanna a choinneáil chun an tobhach a ríomh.

Tá ionchur á lorg ag an gCoimisiún freisin i ndáil leis an modheolaíocht chun ríomh a dhéanamh ar Mheánlíon Gníomhach Míosúil Faighteoirí na seirbhíse (AMAR). Le haghaidh 2024, d'iarr an Coimisiún ar sholáthraithe uimhreacha AMAR a sholáthar bunaithe ar úsáideoirí atá logáilte isteach, seachas úsáideoirí nach raibh logáilte isteach a áireamh. Ba é ba chúis leis sin deacrachtaí a bhain le húsáideoirí uathúla a bhí logáilte amach a shainaithint agus le húsáideoirí a bhí logáilte isteach agus logáilte amach a dhídhúbláil. Ach amháin má tá cúis mhaith ann le hathrú a dhéanamh, molann an Coimisiún leanúint den chur chuige sin in 2025.

Agus barúlacha á soláthar, ba cheart do fhreagróirí a thabhairt faoi deara go gceanglaítear le hAirteagal 24(2) den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha ar sholáthraithe faisnéis faoi AMAR san Aontas Eorpach a fhoilsiú, do gach ardán ar líne nó inneall cuardaigh ar líne. Le hAirteagal 21 sonraítear thairis sin go ríomhtar AMAR mar mheán thar thréimhse na sé mhí roimhe sin agus i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach sna gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 33(3), i gcás inar glacadh na gníomhartha tarmligthe sin. Go dtí seo, níor glacadh na gníomhartha tarmligthe sin.

## 4.6 Cur chuige tobhaigh beartaithe do sholáthraithe seirbhíse idirghabhála (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha)

Is é réamhthuairim an Choimisiúin nár cheart feidhm a bheith ag an tobhach ach maidir le soláthraithe ardán ar líne agus inneall cuardaigh ar líne mar a shainmhínítear sa Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha, agus nár cheart seirbhísí cainéil fhóraigh, seirbhísí taiscthe ná seirbhísí óstála nach bhfuil ar ardáin ar líne a áireamh ann. Déanfar athbhreithniú ar an gcur chuige sin i dtráth cuí, sula bhforbraítear orduithe tobhaigh amach anseo.

Tá níos lú oibleagáidí rialála ar na seirbhísí eisiata ná mar atá ar ardáin ar líne agus innill chuardaigh ar líne, agus is léir ón taithí atá faighte go dtí seo go bhfuil níos lú iarracht rialála de dhíth orthu. Ina theannta sin, ní cheanglaítear ach ar ardáin ar líne agus innill chuardaigh ar líne uimhreacha AMAR a fhoilsiú.

Bhreithnigh an Coimisiún cé acu ar cheart ríomh an tobhaigh a bheith éagsúil le haghaidh VLOPanna agus VLOSEnna ainmnithe a íocann táille mhaoirseachta bhliantúil leis an gCoimisiún Eorpach faoi Airteagal 43 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha.

Measann an Coimisiún nach ann d'aon eilimint de "comhaireamh dúbailte" maidir lena cheangal ar VLOPanna agus VLOSEnna atá bunaithe in Éirinn tobhach a íoc chomh maith leis an táille mhaoirseachta bhliantúil. Leis an táille mhaoirseachta bhliantúil cumhdaítear costais an Choimisiúin Eorpaigh a bhaineann le VLOPanna agus VLOSEnna a rialáil, agus le tobhach Choimisiún na Meán cumhdaítear a chostais féin i ndáil le maoirseacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha i leith na soláthraithe seirbhíse idirghabhála uile, lena n-áirítear VLOPanna agus VLOSEnna arb é an DSC bunaíochta ina leith.

Tá ról ag an gCoimisiún agus ag Coimisiún an Meán araon i ndáil le maoirseacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha i ndáil le VLOPanna agus VLOSEnna. Tá inniúlacht chomhthráthach sa Choimisiún i leith roinnt mhaith alt den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus comhoibríonn sé go dlúth leis an gCoimisiún Eorpach. Leis na costais a thabhaíonn an Coimisiún maidir le maoirseacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha i leith VLOPanna agus VLOSEnna, léirítear cineál an chomhoibrithe seo. B'airde na costais mura mbeadh inniúlacht chomhthráthach sa Choimisiún Eorpach leis an gCoimisiún. Leis na costais léirítear freisin cuid de na feidhmeanna atá ag an gCoimisiún agus a bhaineann go sonrach le VLOPanna agus VLOSEnna, amhail feidhmeanna a bhaineann le sonraí a bheith á rochtain ag taighdeoirí seiceáilte faoi Airteagal 40.

Sna blianta amach romhainn, nuair a bheidh níos mó taithí ar fáil ar an gcaoi a bhféadfaí costais an Choimisiúin a chionroinnt idir feidhmeanna a bhaineann le VLOPanna agus VLOSEnna agus feidhmeanna a bhaineann le hardáin eile ar líne agus ardáin innill cuardaigh eile, d'fhéadfadh sé go bhféadfaí tobhaigh a ríomh dá réir sin. Mar sin féin, níl go leor faisnéise ann faoi láthair. De thuras na huaire, dá bhrí sin, ní mheasann an Coimisiún go bhfuil bunús ann chun coigeartú a dhéanamh ar an tobhach atá iníoctha ag VLOPanna agus VLOSEnna a íocann táille mhaoirseachta bhliantúil leis an gCoimisiún Eorpach.

Measann an Coimisiún gur cheart an tobhach a bheith bunaithe ar AMARanna ar na cúiseanna céanna a roghnaíodh an cur chuige seo le haghaidh seirbhísí ainmnithe ar líne.

Dá bhrí sin, moltar gur cheart do na hardáin uile ar líne agus do na hinnill chuardaigh uile ar líne tobhach a íoc bunaithe ar an líon AMARanna agus gur cheart an tobhach a bheith ina mhéid seasta do gach úsáideoir gníomhach míosúil. Seo a leanas an fhoirmle a mholtar:

**F = Costais mheasta rialáil na hearnála ÷ Líon na n-úsáideoirí seirbhísí trasna na hearnála.**

### 4.7 Cur chuige tobhaigh beartaithe do sholáthraithe seirbhísí óstála (TCOR)

Measann an Coimisiún gur cheart tobhach TCOR a chur i bhfeidhm maidir le seirbhísí óstála atá neamhchosanta ar ábhar sceimhlitheoireachta ar líne, de réir chinneadh an Choimisiúin, de bhun Airteagal 5(4) de TCOR. Maidir leis an modh ina ndéanann an Coimisiún an cinneadh i dtaobh cé acu atá nó nach bhfuil soláthraí seirbhísí óstála neamhchosanta ar ábhar sceimhlitheoireachta ar líne, leagtar amach é sa Chreat um Chinntí le haghaidh a thabhairt ar scaipeadh an ábhair sceimhlitheoireachta ar líne, a foilsíodh i mí an Mheithimh 2024. Moltar an cur chuige sin ar an mbonn gur dócha go mbeidh cuid mhór den aird mhaoirseachta faoi TCOR dírithe ar sholáthraithe seirbhísí óstála atá neamhchosanta ar ábhar sceimhlitheoireachta ar líne, toisc go bhfuil oibleagáidí breise orthu chun bearta sonracha a chur faoi bhráid an Choimisiúin le measúnú a dhéanamh orthu.

Moltar thairis sin go ndéantar seirbhísí óstála atá neamhchosanta ar ábhar sceimhlitheoireachta ar líne a ríomh mar thobhach atá bunaithe ar an líon AMARanna agus gur cheart an tobhach a bheith ina mhéid seasta do gach úsáideoir gníomhach míosúil. Seo a leanas an fhoirmle a mholtar:

**G = Costais mheasta rialáil na hearnála ÷ Líon na n-úsáideoirí seirbhísí trasna na hearnála.**

Tá an sainmhíniú ar sholáthraí seirbhísí óstála faoi TCOR éagsúil leis an sainmhíniú faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha. Leis an sainmhíniú TCOR, ceanglaítear ar an tseirbhís ábhar a uaslódáiltear chuig an bpobal i gcoitinne a scaipeadh. Dá réir sin, is dócha go mbeadh aon soláthraí seirbhísí óstála faoi TCOR ina ardán freisin faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha ar a gceanglaítear uimhreacha AMAR a fhoilsiú. I gcás ina gcinneann an Coimisiún go raibh seirbhís, nach raibh ina hardán faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha ina seirbhís óstála atá neamhchosanta ar ábhar sceimhlitheoireachta faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, ansin d'iarrfadh an Coimisiún ar an soláthraí seirbhíse uimhreacha AMAR a sholáthar ar leithligh.

# 5 Breithnithe eile

### 5.1 Raon geografach na méadrachta

Le haghaidh 2024, chinn an Coimisiún gur cheart ioncam cáilitheach agus méadracht an mheánlín mhíosúil úsáideoirí a bheith uile-AE, ar an mbonn go ndíorthaíonn feidhmeanna an Choimisiúin ón Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc. Ina theannta sin, de bhun phrionsabal na tíre tionscnaimh, rialaíonn an Coimisiún seirbhísí a fhaightear gach áit san Aontas Eorpach. Is é an réamhthuairim atá ag an gCoimisiún go leanann na breithnithe sin de bheith bailiú do 2025 agus beartaíonn sé iad a choinneáil.

### 5.2 Tréimhse ama na méadrachta

Le haghaidh 2024, chinn an Coimisiún gur cheart an mhéadracht a bheith bunaithe ar mhéideanna iarbhír iniúchta (tá an bhonnbhliain tobhaigh socraithe ag dhá bhliain roimh bhliain/tréimhse an tobhaigh) ar a bhfuil eolas i dtús na tréimhse tobhaigh, seachas ar mheastacháin is gá a réiteach ina dhiaidh sin. Le haghaidh 2025, tá sé á mholadh ag an gCoimisiún an cur chuige céanna a chur i bhfeidhm sa mhéid gur cheart an tobhach do chraoltóirí teilifíse, craoltóirí raidió / fuaime agus soláthraithe físeán ar éileamh a bheith bunaithe ar ioncam cáilitheach iniúchta do 2023, agus gur cheart an tobhach le haghaidh ardáin comhroinnte físeán, soláthraithe seirbhíse idirghabhálaí agus soláthraithe seirbhísí óstála a bheith bunaithe ar na huimhreacha AMAR a foilsíodh an 17 Lúnasa 2024.

Is é an phríomhchúis atá leis sin ná simplíocht riaracháin. Tugann an Coimisiún faoi deara go bhféadfaí seirbhísí nua agus nuálacha a spreagadh leis an gcur chuige sin trí laghdú a dhéanamh ar an tobhach atá iníoctha le linn chéim an fháis. I gcomhréir leis an Acht, beidh na costais atá le haisghabháil trí thobhaigh

bunaithe ar réamhaisnéisí do 2025. Má sháraíonn an tobhach a bhailítear na costais iarbhír, leis an Acht foráiltear d'aisíocaíochtaí nó don bharrachas a fhritháireamh in aghaidh oibleagáidí tobhaigh amach anseo.

## 5.3 Soláthraithe seirbhísí iomadúla

Le haghaidh 2024, chinn an Coimisiún gur in aghaidh na seirbhíse ba cheart an tobhach a ghearradh ionas go meallann gach seirbhís laistigh d'earnáil an tobhach céanna, gan beann ar a húinéireacht. Le haghaidh 2025, tá sé á mholadh ag an gCoimisiún an cur chuige céanna a choinneáil, ós rud é go bhforáiltear leanúnachas rialála leis sin do sheirbhísí craolacháin (ach amháin go ndéanfaí soláthraí seirbhísí raidió agus teilifíse araon a thobhach ar leithligh anois le haghaidh seirbhísí teilifíse agus raidió mar a cheanglaítear leis an Acht). Le haghaidh soláthraithe seirbhíse ainmnithe, soláthraithe seirbhíse idirghabhála agus soláthraithe seirbhísí óstála, leis sin léirítear an cur chuige a ghlac an Coimisiún Eorpach agus an táille mhaoirseachta á ríomh do VLOPanna agus VLOSEnna. Do sholáthraithe físeán ar éileamh, níl an tsaincheist ábhartha, ós rud é go ríomhfaí an tobhach mar chéatadán seasta den ioncam cáilitheach, mar sin ní dhéanfaidh sé difear ar bith don tobhach iomlán is iníoctha má dhéantar measúnú ar ioncam cáilitheach in aghaidh na seirbhíse nó ar bhonn comhiomlán.

## 5.4 Díolúintí de minimus

Le haghaidh 2024, chinn an Coimisiún gur cheart aon seirbhísí ainmnithe ag a bhfuil láimhdeachas is lú ná €500,000 a bheith díolmhaithe ó thobhach a íoc. Le haghaidh 2025, tá sé á mholadh ag an gCoimisiún an cur chuige céanna a choinneáil, ar chúiseanna simplíochta riaracháin agus chun seirbhísí nua agus nuálacha a chur chun cinn.

## 5.5 Clár maidir le Dearbhú an Réitigh Tobhaigh

Tabharfaidh an Coimisiún isteach Clár Oibre maidir le Dearbhú an Réitigh Tobhaigh níos déanaí in 2024, rud a bheith cosúil lena raibh i bhfeidhm do thobhach na gcraoltóirí. Beartaítear go gcuirfear an clár oibre sin i bhfeidhm maidir leis an mbliain tobhaigh 2024 agus ina dhiaidh sin. Leanúnachas atá ann sin ar an gcleachtas a bhí ag Údarás Craolacháin na hÉireann roimhe sin.

Ceapfar an Clár Oibre sin maidir le Dearbhú an Réitigh Tobhaigh mar phróiseas dhá chéim chun leibhéal inghlactha compoird a sholáthar lena áirithiú go ndearna ráiteas gach soláthraí seirbhíse maidir le hioncam cáilitheach agus leis an meánlíon míosúil úsáideoirí a ullmhú i gceart i gcomhréir le ceanglais an Choimisiúin agus úsáid á baint as an mbonn chun ríomh a dhéanamh ar an ioncam cáilitheach agus an meánlíon míosúil úsáideoirí mar a leagtar amach i Sceidil 6, 7 agus 8 den Acht Craolacháin 2009 (Alt 21) Ordú Tobhaigh 2024 (I.R. Uimh. 175/2024).

Is é atá sa phróiseas dhá chéim:

1. Nósanna imeachta a comhaontaíodh lena gcur i gcrích ag cuntasóir neamhspleách. Is féidir leis an gcuntasóir neamhspleách a bheith ina iniúchóir nó ina hiniúchóir ar an soláthraí seirbhíse freisin. Tá an tacar nósanna imeachta sin a comhaontaíodh deartha chun a áirithiú, le linn an ráiteas maidir le hioncam cáilitheach nó leis an meánlíon míosúil úsáideoirí a ullmhú, gur chomhlíon an soláthraí seirbhíse go hiomlán le ceanglais an Choimisiúin maidir leis sin agus gur úsáid sé nó sí an bonn chun an t-ioncam cáilitheach nó an meánlíon míosúil úsáideoirí a ríomh mar a leagtar amach i Sceidil 6, 7 agus 8 den Acht Craolacháin 2009 (Alt 21) Ordú Tobhaigh 2024 (I.R. Uimh. 175/2024).

2. Ceanglaítear deimhniúchán ó iniúchóir an tsoláthraí seirbhíse faoi Rialachán 13(2) de I.R. Uimh. 175/2024. Tá an próiseas deimhniúcháin sin deartha chun oibleagáid dhlíthiúil Stiúrthóirí an Chraoltóra a chomhlíonadh chun deimhniú a sholáthar atá i gcomhréir le Rialachán 13(2) den Acht Craolacháin 2009 (Alt 21) Ordú Tobhaigh 2024 (I.R. Uimh. 175/2024).

# 6 An tréimhse chomhairliúcháin agus conas freagra a thabhairt

Fáiltíonn an Coimisiún roimh ionchur ó pháirtithe leasmhara ar a réamhthuairimí ar na cuir chuige bheartaithe atá le glacadh le haghaidh thobhach 2025. Maidir le páirtithe leasmhara a easaontaíonn le haon ghné de réamhthuairimí an Choimisiúin, iarrtar orthu na cúiseanna atá le haon easaontas den sórt sin a leagan amach go soiléir, ag féachaint do na critéir a leagtar amach sa pháipéar comhairliúcháin seo agus d'aon bhreithnithe eile a mheastar a bheith ábhartha.

Chun cuidiú le craoltóirí teilifíse agus fuaime tuiscint a fháil ar an tionchar atá ag na hathruithe beartaithe, soláthrófar iad ar leithligh i modh rúin agus léiriú ann ar an athrú ar a dtobhaigh aonair dá mbeadh na socruithe beartaithe i bhfeidhm in 2024.

Ní mór na freagraí uile ar an gcomhairliúchán seo a chur isteach faoin 2 Deireadh Fómhair 2024. Ba cheart aighneachta scríofa a chur chuig LevyConsultation@cnam.ie nó tríd an bpost chuig Oibríochtaí Rialála, Coimisiún na Meán, 1 Áras Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4, D04NP20. Ba cheart na sonraí teagmhála sin a úsáid le haghaidh aon cheisteanna i leith an chomhairliúcháin seo.

Breithneoidh an Coimisiún na freagraí agus déanfaidh sé a chinneadh roimh dheireadh 2024. Cé go mbreithneofar na haighneachtaí uile ina n-iomláine, ar deireadh, is faoin gCoimisiún atá sé cinneadh a dhéanamh maidir leis an tsamhail nó leis na samhlacha tobhaigh iomchuí atá le cur chun feidhme.

# 7 Úsáid faisnéise

## 7.1 Sonraí pearsanta

Comhlíonfaidh an Coimisiún a oibleagáidí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ("RGCS"), faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018 agus faoi aon dlíthe agus rialacháin eile is infheidhme maidir le príobháideachas sonraí. Tá oibleagáid ar an gCoimisiún agus tá sé tiomanta do gach faisnéis phearsanta a chuirtear isteach a chosaint. Tá Oifigeach Cosanta Sonraí ceaptha ag an gCoimisiún atá cláraithe leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí. Is féidir le freagróirí tuilleadh eolais a fháil maidir leis an gcaoi a bpróiseálann an Coimisiún faisnéis phearsanta i mbeartas foilsithe an Choimisiúin ag https://www.cnam.ie/ga/priobhaideachais/.

Don phróiseas seo, baileoidh an Coimisiún an t-ainm, an seoladh ríomhphoist agus aon fhaisnéis phearsanta eile a áirítear sna freagraí a fhaightear. Cuirfear ainm an fhreagróra ar an gcomhairliúchán agus an freagra a sholáthrófar ar fáil go poiblí. Ní chuirfidh an Coimisiún sonraí teagmhála na bhfreagróirí ar fáil go poiblí, amhail seoladh, uimhir theileafóin nó ríomhphost. Ní bhainfear úsáid as an bhfaisnéis a bhaileofar ach chun críocha an chomhairliúcháin seo agus ní chun críche ar bith eile. Marcáil go soiléir aon fhaisnéis a mheastar a bheith faoi rún i do fhreagra.

## 7.2 Faisnéis rúnda

Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún aighneachtaí a fuarthas mar fhreagra ar an gcomhairliúchán seo a fhoilsiú. Tabhair do fhreagra mar dhoiciméad neamhrúnda, agus faisnéis rúnda in iarscríbhinn ar leith, nó cuir leagan neamhrúnda folaithe isteach in éineacht le do fhreagra. Déileálfaidh an Coimisiún le faisnéis rúnda i gcomhréir lena Threoirlínte Comhairliúcháin, a foilsíodh an 28 Meitheamh 2023.

### 7.3 Saoráil faisnéise

Tá faisnéis atá i seilbh an Choimisiúin faoi réir a oibleagáidí faoin dlí, lena n-áirítear faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leat faoi fhaisnéis a mharcálann tú mar a bheith rúnda sula ndéanfaidh sé cinneadh faoi aon iarraidh ar Shaoráil Faisnéise a fhaightear.

# Iarscríbhinn 1 Ordú Tobhaigh Reatha I.R. Uimh. 175/2024

## I.R. Uimh. 175/2024 – An tAcht Craolacháin 2009 (Alt 21) Ordú Tobhaigh 2024

*Foilsíodh fógra san*

*"Iris Oifigiúil" an 30 Aibreán 2024 á rá go ndearnadh an Ionstraim Reachtúil seo.*

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dó le halt 21 den Acht Craolacháin 2009 (Uimh. 18 de 2009) (arna ionadú le halt 8 den Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán 2022 (Uimh. 41 de 2022)) déanann Coimisiún na Meán leis seo an Ordú seo a leanas:

1. (1) Féadfar an tOrdú seo a lua mar an tAcht Craolacháin 2009 (Alt 21) Ordú Tobhaigh 2024.

(2) Tagann an tOrdú seo i ngníomh an 1 Bealtaine 2024.

(3) Cúlghairtear an tAcht Craolacháin 2009 (Alt 21) Ordú Tobhaigh 2023 (I.R. Uimh. 657 de 2023 ) amhail ar an 1 Bealtaine 2024 agus ón dáta sin. D'ainneoin chúlghairm an Achta Craolacháin 2009 (Alt 21) Ordú Tobhaigh 2023 (I.R. Uimh. 657 de 2023 ) faoin Ordú seo, aon fhógraí a sheirbheáil an Coimisiún faoi Airteagal 10 den Acht Craolacháin 2009 (Alt 21) Ordú Tobhaigh 2023 ( I.R. Uimh. 657 de 2023 ) beidh siad fós bailí agus beidh lán-éifeacht acu agus beidh na híocaíochtaí uile a bheidh dlite de bhun na sonrasc arna n-eisiúint ag an gCoimisiún faoi na fógraí Airteagal 10 sin fós infhorfheidhmithe.

2. (1) San Ordú seo, lena n-áirítear na sceidil mura luaitear a mhalairt-

ciallaíonn "Acht 2009" an tAcht Craolacháin 2009 ;

ciallaíonn "dáta mainneachtana" an dáta a dteipeann ar sholáthraí suim a íoc leis an gCoimisiún atá iníoctha leis faoin Ordú seo;

ciallaíonn "tobhach" tobhach a fhorchuirtear leis an Ordú seo;

ciallaíonn "tréimhse thobhaigh" an tréimhse ocht (8) mí dar tús an 1 Bealtaine 2024 agus dar chríoch an 31 Nollaig 2024;

ciallaíonn "suim thar téarma" suim atá iníoctha leis an gCoimisiún faoin Ordú seo nár íoc soláthraí agus atá fós dlite;

ciallaíonn "duine cáilithe" duine atá cáilithe lena cheapadh nó lena ceapadh mar iniúchóir cuideachta faoi alt 468 (6) d' Acht na gCuideachtaí, 2014 arna leasú;

ciallaíonn "ioncam cáilitheach" ioncam mar a gcuirtear síos air i Sceideal 7 agus Sceideal 8;

ciallaíonn "soláthraí" soláthraí, a thagann faoi réim ceann amháin nó níos mó de na catagóirí soláthraithe a leagtar amach i Sceideal 1, nach mór dó tobhach a íoc de bhua cinnidh arna dhéanamh ag an gCoimisiún de bhun alt 21(1) d'Acht 2009;

ciallaíonn “Euribor trí mhí” Ráta Tairgthe Idirbhainc an Euro ag a bhfuil dáta aibíochta trí mhí mar a fhógraíonn Rúnaíocht EBF Euribor;

ciallaíonn “CBL” an cháin dá bhforáiltear san Acht Cánach Breisluacha, 1972 (arna leasú).

(2) San Ordú seo, lena n-áirítear na sceidil mura luaitear a mhalairt—

(a) beidh an chiall chéanna ag focal nó nath a shainmhínítear in Acht 2009 agus a bheidh aige nuair a úsáidfear san Ordú seo é;

(b) is ionann tagairt do reachtaíocht agus tagairt don reachtaíocht sin arna leasú ó am go ham;

(c) is ionann tagairt d’alt nó do sceideal agus tagairt d’alt den Ordú seo nó do sceideal a ghabhann leis an Ordú seo;

(d) is ionann tagairt d’fho-alt agus tagairt d’fho-alt na forála ina bhfuil an tagairt mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’fhoráil eile atá beartaithe; agus

(e) is ionann tagairt do mhír i sceideal agus tagairt do mhír sa sceideal ina bhfuil an tagairt ar fáil mura luaitear go bhfuil tagairt d’fhoráil eile beartaithe.

3. Beidh feidhm ag an Ordú seo maidir le soláthraithe.

4. (1) Forchuirtear tobhach leis seo ar sholáthraithe maidir leis an tréimhse thobhaigh ina bhfuil na soláthraithe mbun oibríochta dá réir.

(2) Ar mhaithe le hamhras a sheachaint, forchuirtear tobhach leis seo ar sholáthraí maidir leis an tréimhse thobhaigh ina bhfuil sé ag feidhmiú mar sin, d’ainneoin nach raibh sé ag feidhmiú mar sin ar feadh na tréimhse tobhaigh uile.

5. Féachfaidh an Coimisiún lena chinntiú go mbeidh méid aon tobhaigh a fhorchuirfear ar sholáthraithe maidir leis an tréimhse thobhaigh leordhóthanach chun íoc as costais an Choimisiúin a thabhófar go cuí agus a riachtanais caipitil oibre sa tréimhse thobhaigh, sa mhéid is nach n-íoctar as na costais agus riachtanais sin ar aon bhealach eile.

6. Beidh modhanna éagsúla ag an gCoimisiún chun an tobhach is infheidhme maidir le gach catagóir soláthraí a ríomh i gcomhréir leis na modheolaíochtaí le haghaidh na soláthraithe ábhartha a leagtar amach i Sceideal 2, Sceideal 3, Sceideal 4, Sceideal 5 agus Sceideal 6 de réir mar is infheidhme.

7. Tar éis a chinneadh nach mór do sholáthraí tobhach a íoc i leith na tréimhse tobhaigh, cinnfidh an Coimisiún—

(1) méid an tobhaigh sin de réir na modheolaíochtaí do na soláthraithe ábhartha a leagtar amach i Sceideal 2, Sceideal 3, Sceideal 4, Sceideal 5 agus Sceideal 6 de réir mar is infheidhme; agus

(2) go bhfuil an tobhach sin le híoc in aon suim amháin dáta sonraithe nó roimhe, nó go bhfuil sé le híoc trí thráthchodanna.

8. Sa chás, de bhun airteagal 7(2), go bhfuil an tobhach le híoc ag soláthraí i dtráthchodanna, cinnfidh an Coimisiún méid gach tráthchoda den sórt sin agus an dáta ar a mbeidh sé le híoc.

9. Seirbheálfaidh an Coimisiún fógra ar gach soláthraí ina leagfar amach—

(1) méid an tobhaigh nach mór dó a íoc;

(2) sa chás go bhfuil an méid sin le híoc in aon suim amháin, an dáta atá an íocaíocht sin le déanamh; agus

(3) sa chás go bhfuil an méid sin le híoc trí roinnt tráthchodanna, méid gach tráthchoda den sórt sin agus an dáta atá sí le híoc.

10. Cloífidh soláthraí ar ar seirbheáladh fógra de bhun airteagal 9 lena théarmaí.

11. Déanfaidh soláthraí ar a bhfuil oibleagáid tobhach a íoc leis an gCoimisiún an íocaíocht sin trí ríomhaistriú airgid chuig an gcuntas bainc atá ag an gCoimisiún trí fhógra i scríbhinn a chur chuig an soláthraí a shonraítear chun na críche sin. Sa chás gur thionscain soláthraí ríomhaistriú airgid, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas go pras faoin dáta ar ar tionscnaíodh an t-aistriú sin, an méid atá le haistriú agus ainm an bhainc a chuirfidh an t-aistriú i gcrích.

12. Faoi réir airteagal 13, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin fógra i scríbhinn, a cheangal go soláthróidh soláthraí don Choimisiún ar nó roimh dháta a shonrófar san fhógra sin agus ar cibé modh a fhorordóidh an Coimisiún —

(1) cuntais le haghaidh aon tréimhse airgeadais mar a shonróidh an Coimisiún;

(2) ráiteas lena dtaispeántar a ioncam cáilitheach laistigh d’aon tréimhse airgeadais den sórt sin; agus/nó

(3) ráiteas lena dtaispeántar an meánlíon míosúil úsáideoirí laistigh d'aon tréimhse airgeadais den sórt sin.

13. (1) Déanfaidh duine cáilithe cuntais den sórt sin dá dtagraítear i bhfo-airteagal 12 (1) a iniúchadh.

(2) Beidh deimhniú ag gabháil le ráiteas den sórt sin dá dtagraítear i bhfo-airteagal 12 (2) mar thaca leis an ráiteas sin ón duine a rinne iniúchadh ar na cuntais sin.

14. Cloífidh soláthraí ar ar seirbheáladh fógra faoi airteagal 12 lena théarmaí.

15. Coinneoidh soláthraí, ar feadh na tréimhse a chinnfear i gcomhréir le hairteagal 16—

(1) taifid atá ábhartha d'ullmhú cuntas i gcomhréir le hairteagal 12(1); agus

(2) taifid atá ábhartha d'ullmhú ráitis i gcomhréir le hairteagal 12(2) agus/nó 12(3); agus

(3) cibé taifid eile a fhorordóidh an Coimisiún trí fhógra i scríbhinn a sheirbheáiltear ar an soláthraí.

16. (1) Sa chás go bhfuil soláthraí faoi oibleagáid, faoi airteagal 15, taifead a choinneáil nach mbaineann ach le tréimhse airgeadais amháin, coinneoidh sé taifead den sórt sin ar feadh sé bliana ó dheireadh tréimhse airgeadais den sórt sin.

(2) Sa chás go bhfuil soláthraí faoi oibleagáid, faoi airteagal 15, taifead a choinneáil a bhaineann le níos mó ná tréimhse airgeadais amháin, coinneoidh sé taifead den sórt sin ar feadh sé bliana ó dheireadh na tréimhse is déanaí lena mbaineann an taifead sin.

17. Faoi réir airteagal 18, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin fógra i scríbhinn, a cheangal ar sholáthraí cead a thabhairt don Choimisiún, nó do dhuine arna ainmniú aige, ar dháta nó dátaí sonraithe iniúchadh a dhéanamh ar na taifid a choinníonn sé, nó a choinníonn aon duine thar a cheann, ar taifid iad atá ábhartha maidir le ríomh agus íocaíocht tobhaigh i leith na tréimhse tobhaigh.

18. Caithfidh seacht lá ar a laghad dul thart idir an dáta ar a dtugann an Coimisiún fógra faoi airteagal 17 agus an dáta is luaithe a shonraítear san fhógra sin le haghaidh iniúchadh na dtaifead.

19. Cloífidh soláthraí ar ar seirbheáladh fógra faoi airteagal 17 lena théarmaí.

20. Faoi réir airteagal 21, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin fógra i scríbhinn, a cheangal ar sholáthraí na nithe seo a leanas a chur ar fáil don Choimisiún laistigh de thréimhse shonraithe—

(1) cóipeanna de thaifid a choinníonn sé, nó a choinníonn aon duine thar a cheann, atá ábhartha maidir le ríomh agus íocaíocht tobhaigh i leith na tréimhse tobhaigh; agus/nó

(2) freagraí ar na ceisteanna sin maidir lena ghníomhaíochtaí a fhéadfaidh a bheith curtha san áireamh ag an gCoimisiún san fhógra sin.

21. Ní bheidh an tréimhse a shonraítear in airteagal 20 níos lú ná 21 lá.

22. Cloífidh soláthraí ar ar seirbheáladh fógra faoi airteagal 20 lena théarmaí.

23. Faoi réir airteagal 24, fabhróidh ús ar shuim thar téarma ón dáta mainneachtana go dtí an dáta íocaíochta ag ráta bliantúil 2% thar Euribor trí mhí.

24. Is é a bheidh sa ráta Euribor trí mhí atá infheidhme chun críocha airteagal 23 an ráta Euribor trí mhí ar an dáta mainneachtana, ar choinníoll go bhféadfaidh an Coimisiún ina dhiaidh sin, ag eatraimh trí mhí, an ráta Euribor trí mhí is infheidhme ansin a chur in ionad an ráta sin.

25. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh, nuair is infheidhme, in aon fhógra a cheanglaíonn go n-íocfar tobhach, sonraí an CBL nach mór don soláthraí a íoc i leith an tobhaigh sin.

26. Measfar aon fharasbarr ioncaim, a ghintear ó thobhaigh a fhorchuirtear faoin Ordú seo, atá os cionn na gcostas a thabhaíonn an Coimisiún go cuí agus a riachtanas caipitil oibre sa tréimhse thobhaigh a bheith mar airgead a thagann as forchur tobhaigh don tréimhse thobhaigh agus:

(1) coinneoidh an Coimisiún é lena fhritháireamh go comhréireach in aghaidh oibleagáidí tobhaigh na soláthraithe ábhartha ar ar forchuireadh an tobhach lena mbaineann le haghaidh na tréimhse tobhaigh ina dhiaidh sin; nó

(2) aisíocfar é go comhréireach leis na soláthraithe ábhartha ar ar forchuireadh an tobhach lena mbaineann.

27. Breithneoidh an Coimisiún aon iarratais ó sholáthraithe maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar aon cheann de na tobhaigh a fhorchuirtear faoin Ordú seo.

SCEIDEAL 1

Catagóirí Soláthraithe nach mór dóibh Tobhach a íoc

De réir alt 21 d'Acht 2009, tá an tOrdú seo infheidhme ar na soláthraithe seo a leanas:

(1) Soláthraithe seirbhísí meán closamhairc;

(2) Soláthraithe seirbhísí craolacháin fuaime; agus

(3) Soláthraithe seirbhísí ainmnithe ar líne.

SCEIDEAL 2

Ríomh an Tobhaigh do sholáthraithe seirbhíse clár teilifíse

1. Sa sceideal seo—

Ciallaíonn "B" an luach uimhriúil a léiríonn, nuair a shloinntear é mar chéatadán, an ráta ag a bhfuil ioncam cáilitheach bonntréimhse €1 go €666,666 le tobhach, mar a scrúdaítear sa teimpléad;

is é "ioncam cáilitheach bonntréimhse" an méid sin ar ionann é agus dhá thrian d'ioncam cáilitheach soláthraí seirbhíse clár teilifíse sa bhonnbhliain;

ciallaíonn "bonnbhliain" bliain féilire an 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022 nó, sa chás nach raibh soláthraí seirbhíse clár teilifíse i mbun oibríochta ach ar feadh cuid den bhliain féilire sin, an chuid sin den bhliain féilire sin;

Ciallaíonn "craoltóir pobail" duine a bhfuil conradh ina sheilbh faoi alt 72 d'Acht 2009;

ciallaíonn "tábla iomlán" tábla dá dtagraítear i mír 10;

ciallaíonn "tobhach" an tobhach a ríomhtar de réir an sceidil 2 seo;

ciallaíonn "íocóir tobhaigh" soláthraí seirbhíse clár teilifíse nach mór dó tobhach a íoc;

ciallaíonn "soláthraí seirbhíse clár teilifíse" soláthraí seirbhíse ina gcuimsítear teaglaim de bhunábhar clár closamhairc de chineál ar bith agus a tharchuirtear, a dháiltear nó a athsheachadtar trí theileagrafaíocht gan sreang go díreach nó go hindíreach lena ghlacadh ag an bpobal i gcoitinne;

ciallaíonn "teimpléad" an tábla a leagtar amach i mír 7.

2. Beidh an tobhach nach mór do sholáthraí seirbhíse clár teilifíse a íoc sa tréimhse thobhaigh bunaithe ar a ioncam cáilitheach sa bhonnbhliain.

3. Cinnfear ioncam cáilitheach sholáthraí seirbhíse clár teilifíse i mbonnbhliain de réir Sceideal 7.

4. Soláthraithe seirbhíse clár teilifíse nach mó ná €333,333.33 a n-ioncam cáilitheach bonntréimhse, níl siad faoi oibleagáid tobhach a íoc.

5. Níl craoltóirí pobail faoi oibleagáid tobhach a íoc.

6. Íocfaidh soláthraithe seirbhíse clár teilifíse a bhfuil conarthaí soláthair lánais acu de bhun alt 71 d'Acht 2009 tobhach i gcomhréir le Sceideal 4 i leith seirbhísí arna soláthar de bhun alt 71 d'Acht 2009.

7. Ní mór do sholáthraí seirbhíse clár teilifíse a bhfuil a ioncam cáilitheach bonntréimhse os cionn €333,333.33, i leith na tréimhse tobhaigh, tobhach a íoc a ríomhtar trí thagairt a dhéanamh dá ioncam cáilitheach bonntréimhse i gcomhréir leis an tábla seo a leanas—

| Ioncam cáilitheach bonntréimhse | Céatadán Tobhaigh |
|---|---|
| €1 go €666,666 | B % |
| €666,667 go €6,666,666 | (B — .25) % |
| €6,666,667 go €13,333,333 | (B — .50) % |
| €13,333,334 go €30,000,000 | (B — .75) % |
| Os cionn €30,000,000 | (B — 1.75) % |

8. Cuirfear an tábla i mír 7 i bhfeidhm ionas, mar shampla,—

(a) nach mór d'íocóir tobhaigh nach mó a ioncam nó a hioncam cáilitheach bonntréimhse ná €666,666, sa tréimhse thobhaigh, tobhach a íoc is comhionann le B % dá ioncam nó dá hioncam cáilitheach bonntréimhse; agus

(b) nach mór d'íocóir tobhaigh ar mó a ioncam nó a hioncam cáilitheach bonntréimhse ná €666,666 ach nach mó ná €6,666,666 é, sa tréimhse thobhaigh, tobhach a íoc is comhionann le comhiomlán B % den chéad €666,666 dá ioncam nó dá hioncam

cáilitheach bonntréimhse agus (B — .25) % dá ioncam nó dá hioncam cáilitheach bonntréimhse os cionn €666,666.

9. Nuair a bheidh faisnéis leordhóthanach ag an gCoimisiún chun é a chur ar a chumas dó meastachán a thabhairt ar ioncam cáilitheach gach íocóir tobhaigh don bhonnbhliain, sannfaidh sé luach uimhriúil do B don tréimhse thobhaigh ionas go gcumhdóidh an tobhach a fhorchuirfear i leith na tréimhse tobhaigh costais an Choimisiúin a thabhófar go cuí agus riachtanais caipitil oibre an Choimisiúin, sa tréimhse thobhaigh, i gcomhlíonadh a fheidhmeanna dó, sa mhéid is nach n-íoctar as na costais agus na riachtanais sin ar aon bhealach eile.

10. Tar éis luach uimhriúil B le haghaidh na tréimhse tobhaigh a ríomh, ullmhóidh an Coimisiún tábla iomlán don tréimhse thobhaigh trí luach uimhriúil a chur isteach sa teimpléad le haghaidh gach ráta céatadáin atá le feiceáil ann.

11. Foilseoidh an Coimisiún, sa tréimhse thobhaigh, tábla iomlán mar sin ar bhealach a chinnfidh sé.

12. Ní sheirbheálfaidh an Coimisiún fógraí faoi airteagal 9 i leith na tréimhse tobhaigh ach amháin tar éis dó an tábla iomlán don tréimhse thobhaigh a fhoilsiú, agus ní rachaidh níos lú ná seacht lá thart idir foilsiú den sórt sin agus seirbheáil fógraí den sórt sin.

13. Íocfaidh eintiteas a ghin ioncam cáilitheach ó bheith ag feidhmiú mar sholáthraí seirbhíse clár teilifíse sa bhonnbhliain tobhach sa tréimhse thobhaigh fiú má stad sé de bheith ina sholáthraí seirbhíse clár teilifíse sular thosaigh an tréimhse thobhaigh.

SCEIDEAL 3

Ríomh an Tobhaigh do sholáthraithe seirbhísí craolacháin fuaime

1. Sa sceideal seo—

Ciallaíonn “C” an luach uimhriúil a léiríonn, nuair a shloinntear é mar chéatadán, an ráta ag a bhfuil ioncam cáilitheach bonntréimhse €1 go €666,666 le tobhach, mar a scrúdaítear sa teimpléad;

is é “ioncam cáilitheach bonntréimhse” an méid sin ar ionann é agus dhá thrian d’ioncam cáilitheach soláthraithe seirbhíse craolacháin fuaime sa bhonnbhliain;

ciallaíonn “bonnbhliain” bliain féilire an 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022 nó, sa chás nach raibh soláthraí seirbhíse craolacháin fuaime i mbun oibríochta ach ar feadh cuid den bhliain féilire sin, an chuid sin den bhliain féilire sin;

Ciallaíonn “craoltóir pobail” duine a bhfuil conradh ina sheilbh aige faoi ailt 64 nó 68(1)(b) d’Acht 2009;

ciallaíonn “tábla iomlán” tábla dá dtagraítear i mír 10;

Ciallaíonn “craoltóir institiúideach” duine a bhfuil conradh ina sheilbh aige faoi alt 68(2) d’Acht 2009;

ciallaíonn “tobhach” an tobhach a ríomhtar de réir an sceidil seo;

ciallaíonn “íocóir tobhaigh” soláthraí seirbhísí craolacháin fuaime nach mór dó tobhach a íoc.

ciallaíonn “soláthraí seirbhíse craolacháin fuaime” soláthraí seirbhíse, de réir bhrí Airteagail 56 agus 57 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, sa chás—

(a) go bhfuil príomhchuspóirí na seirbhíse tiomnaithe do chláir fuaime a chur ar fáil, trí líonraí cumarsáide leictreonacha, don phobal i gcoitinne, faoina fhreagracht eagarthóireachta féin, chun eolas, siamsaíocht nó oideachas a thabhairt, agus

(b) go gcuirtear an tseirbhís ar fáil le héisteacht go comhuaineach nó geall le bheith comhuaineach le cláir fuaime ar bhonn sceideal clár;

ciallaíonn “teimpléad” an tábla a leagtar amach i mír 7;

Ciallaíonn “craoltóir sealadach” duine a bhfuil conradh aige faoi alt 68(1)(a) d’Acht 2009.

2. Beidh an tobhach nach mór do sholáthraí seirbhíse craolacháin fuaime a íoc sa tréimhse thobhaigh bunaithe ar a ioncam cáilitheach sa bhonnbhliain.

3. Cinnfear ioncam cáilitheach soláthraithe seirbhíse craolacháin fuaime sa bhonnbhliain i gcomhréir le Sceideal 7.

4. Níl soláthraí seirbhíse craolacháin fuaime, craoltóir institiúideach ná craoltóir sealadach nach mó ná €333,333.33 a n-ioncam cáilitheach bonntréimhse faoi oibleagáid tobhach a íoc.

5. Níl craoltóirí pobail faoi oibleagáid tobhach a íoc.

6. Soláthraithe seirbhíse craolacháin fuaime a bhfuil conarthaí soláthair lánais acu de bhun alt 71 d'Acht 2009, íocfaidh siad tobhach i gcomhréir le Sceideal 4 i leith na seirbhísí arna soláthar de bhun alt 71 d'Acht 2009.

7. Ní mór do sholáthraí seirbhíse craolacháin fuaime ar mó a ioncam cáilitheach bonntréimhse ná €333,333.33, i leith na tréimhse tobhaigh, tobhach a íoc a ríomhtar trí thagairt a dhéanamh dá ioncam cáilitheach bonntréimhse i gcomhréir leis an tábla seo a leanas—

| Ioncam cáilitheach bonntréimhse | Céatadán Tobhaigh |
|---|---|
| €1 go €666,666 | C % |
| €666,667 go €6,666,666 | (C — .25) % |
| €6,666,667 go €13,333,333 | (C — .50) % |
| €13,333,334 go €30,000,000 | (C — .75) % |
| Os cionn €30,000,000 | (C — 1.75) % |

8. Cuirfear an tábla i mír 7 i bhfeidhm ionas, mar shampla,—

(a) nach mór d'íocóir tobhaigh nach mó a ioncam nó a hioncam cáilitheach bonntréimhse ná €666,666, sa tréimhse thobhaigh, tobhach a íoc is comhionann le B % dá ioncam nó dá hioncam cáilitheach bonntréimhse; agus

(b) nach mór d'íocóir tobhaigh ar mó a ioncam nó a hioncam cáilitheach bonntréimhse ná €666,666 ach nach mó ná €6,666,666 é, sa tréimhse thobhaigh, tobhach a íoc is comhionann le comhiomlán C % den chéad €666,666 dá ioncam nó dá hioncam cáilitheach bonntréimhse agus (C — .25) % dá ioncam nó dá hioncam cáilitheach bonntréimhse os cionn €666,666.

9. Nuair a bheidh faisnéis leordhóthanach ag an gCoimisiún chun ioncam cáilitheach gach íocóir tobhaigh don bhonnbhliain a mheas, sannfaidh sé luach uimhriúil do C don tréimhse thobhaigh ionas go n-íocfaidh an tobhach a fhorchuirfear i leith na tréimhse tobhaigh as costais an Choimisiúin a thabhófar go cuí agus as riachtanais caipitil oibre an Choimisiúin, sa tréimhse thobhaigh, i gcomhlíonadh a fheidhmeanna dó, sa mhéid is nach n-íoctar as na costais agus na riachtanais sin ar aon chaoi eile.

10. Tar éis luach uimhriúil C le haghaidh na tréimhse tobhaigh a ríomh, ullmhóidh an Coimisiún tábla iomlán don tréimhse thobhaigh trí luach uimhriúil a chur isteach sa teimpléad le haghaidh gach ráta céatadáin atá le feiceáil ann.

11. Foilseoidh an Coimisiún, sa tréimhse thobhaigh, tábla iomlán mar sin ar bhealach a chinnfidh sé.

11. Ní sheirbheálfaidh an Coimisiún fógraí faoi airteagal 9 i leith na tréimhse tobhaigh ach amháin tar éis dó an tábla iomlán don tréimhse thobhaigh a fhoilsiú, agus ní rachaidh níos lú ná seacht lá thart idir foilsiú den sórt sin agus seirbheáil fógraí den sórt sin.

12. Íocfaidh eintiteas a ghin ioncam cáilitheach ó bheith ag feidhmiú mar sholáthraí seirbhísí craolacháin fuaime sa bhonnbhliain tobhach sa tréimhse thobhaigh fiú má stad sé de bheith ina sholáthraí seirbhísí craolacháin fuaime sula dtosóidh an tréimhse thobhaigh.

## SCEIDEAL 4

### Ríomh an Tobhaigh do Sholáthraithe seirbhísí meán closamhairc agus seirbhísí craolacháin fuaime a bhfuil conarthaí acu faoi alt 71 d'Acht 2009

1. Sa sceideal seo-

ciallaíonn "sealbhóir conartha soláthair ábhair" soláthraí seirbhísí meán closamhairc nó soláthraí seirbhísí craolacháin fuaime a bhfuil conradh soláthair ábhair ina seilbh de réir alt 71 d'Acht 2009.

2. Beidh an tobhach nach mór do shealbhóirí conartha soláthair ábhair a íoc comhionann leis an tsuim a íocann an sealbhóir conartha soláthair ábhair leis an gCoimisiún trí tháille roimh chonradh soláthair ábhair a dhéanamh.

3. Sa chás go bhfuil tobhach íoctha cheana féin ag sealbhóir conartha soláthair ábhair leis an gCoimisiún roimh chonradh soláthair ábhair a dhéanamh agus sa chás go bhfuil an táille sin os cionn mhéid aon tobhaigh a fhorchuirfear faoin sceideal seo, aisíocfaidh an Coimisiún an oiread sin de tháille ábhartha a íocadh atá níos mó ná aon tobhach a fhorchuirfear faoin sceideal seo.

## SCEIDEAL 5

### Ríomh an Tobhaigh do sholáthraithe seirbhíse meán closamhairc ar éileamh

1. Sa sceideal seo—

ciallaíonn “soláthraí seirbhísí meán closamhairc ar éileamh” soláthraí seirbhísí meán closamhairc ar éileamh;

is é “ioncam cáilitheach bonntréimhse” an méid sin ar ionann é agus dhá thrian d’ioncam cáilitheach soláthraí seirbhíse closamhairc ar éileamh sa bhonnbhliain;

ciallaíonn “bonnbhliain” bliain féilire an 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022 nó, sa chás nach raibh soláthraí seirbhíse closamhairc ar éileamh i mbun oibríochta ach ar feadh cuid den bhliain féilire sin, an chuid sin den bhliain féilire sin;

áirítear le “costais” riachtanais caipitil oibre an Choimisiúin;

Ciallaíonn “D” an luach uimhriúil a léiríonn, nuair a shloinntear é mar chéatadán, an ráta ag a bhfuil ioncam cáilitheach bonntréimhse le tobhach, mar a scrúdaítear san fhoirmle;

ciallaíonn “foirmle” an fhoirmle a leagtar amach i mír 5;

ciallaíonn “earnáil” an earnáil ina bhfuil an líon iomlán soláthraithe seirbhísí meán closamhairc ar éileamh;

ciallaíonn “luach do D” an luach uimhriúil a shanntar do D san fhoirmle.

2. Beidh an tobhach nach mór do sholáthraí seirbhíse meán closamhairc ar éileamh a íoc sa tréimhse thobhaigh bunaithe ar a ioncam cáilitheach sa bhonnbhliain.

3. Cinnfear ioncam cáilitheach soláthraí seirbhíse meán closamhairc ar éileamh sa bhonnbhliain i gcomhréir le Sceideal 8.

4. Níl soláthraí seirbhíse closamhairc ar éileamh nach mó ná €333,333.33 a ioncam cáilitheach bonntréimhse faoi oibleagáid tobhach a íoc.

5. Ní mór do sholáthraí seirbhíse meán closamhairc ar éileamh, i leith na tréimhse tobhaigh, tobhach a íoc a ríomhtar trí thagairt dá ioncam cáilitheach bonntréimhse i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas-

$$D\text{=(Costais Mheasta Rialáil na hEarnála)/(Ioncam Cáilitheach na hEarnála)}$$

6. Tá an tobhach atá iníoctha ag soláthraí seirbhíse meán closamhairc ar éileamh i leith na tréimhse tobhaigh, comhionann le D arna iolrú faoina ioncam cáilitheach bonntréimhse.

7. Nuair a bheidh faisnéis leordhóthanach ag an gCoimisiún maidir le hioncam cáilitheach gach soláthraí seirbhísí meán closamhairc ar éileamh don bhonnbhliain, sannfaidh sé luach uimhriúil do D san fhoirmle le haghaidh na tréimhse tobhaigh ionas go n-íocfaidh an tobhach a fhorchuirtear i leith na tréimhse tobhaigh as na costais a thabhófar go cuí sa tréimhse thobhaigh agus as riachtanais caipitil oibre an Choimisiúin i gcomhlíonadh a fheidhmeanna dó, sa mhéid is nach n-íoctar as na costais agus na riachtanais sin ar aon chaoi eile.

8. Tar éis luach uimhriúil D a ríomh le haghaidh na tréimhse tobhaigh, foilseoidh an Coimisiún an luach do D.

9. Foilseoidh an Coimisiún, sa tréimhse thobhaigh, an luach do D ar bhealach a chinnfidh sé féin.

10. Ní sheirbheálfaidh an Coimisiún fógraí faoi airteagal 9 i leith na tréimhse tobhaigh ach amháin tar éis dó an luach le haghaidh D don tréimhse thobhaigh a fhoilsiú, agus ní rachaidh níos lú ná seacht lá thart idir foilsiú den sórt sin agus seirbheáil fógraí den sórt sin.

11. Íocfaidh eintiteas a ghin ioncam cáilitheach ó bheith ag feidhmiú mar sholáthraí seirbhíse meán closamhairc ar éileamh sa bhonnbhliain tobhach sa tréimhse thobhaigh fiú má scoir sé de bheith ina sholáthraí seirbhíse meán closamhairc ar éileamh sular thosaigh an tréimhse thobhaigh.

## SCEIDEAL 6

### Ríomh an Tobhaigh do sholáthraithe seirbhísí ainmnithe ar líne

1. Sa sceideal seo—

ciallaíonn "bonntréimhse" an tréimhse sé mhí roimh an dáta ar cheart faisnéis a bheith foilsithe ag na soláthraithe seirbhísí ainmnithe ar líne ar a meánlíon úsáideoirí i gcomhréir le hAirteagal 24(2) den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha;

áirítear le "costais" riachtanais caipitil oibre an Choimisiúin;

ciallaíonn "soláthraí seirbhísí ainmnithe ar líne" soláthraí seirbhíse arna ainmniú amhlaidh ag an gCoimisiún faoi alt 139E d'Acht 2009;

ciallaíonn "Acht um Sheirbhísí Digiteacha" Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/EC;

ciallaíonn “E” an muirear ar shuim an mheánlín úsáideoirí míosúla in aghaidh gach seirbhís ainmnithe aonair ar líne ar fud na hearnála go léir;

ciallaíonn “foirmle” an fhoirmle a leagtar amach i mír 4;

ciallaíonn “earnáil” an earnáil ina bhfuil an líon iomlán soláthraithe seirbhísí ainmnithe ar líne;

ciallaíonn “luach do E” an luach uimhriúil a shanntar do E san fhoirmle;

2. Beidh an tobhach nach mór do sholáthraí seirbhíse ainmnithe ar líne a íoc sa tréimhse thobhaigh bunaithe ar shuim an mheánlín úsáideoirí in aghaidh gach soláthraí aonair seirbhíse ainmnithe ar líne sa bhonntréimhse. Foilseoidh gach soláthraí aonair seirbhísí ainmnithe ar líne na figiúirí sin gach sé mhí de réir Airteagal 24(2) den Acht um Sheirbhísí Digiteacha.

3. Cinnfidh an Coimisiún an meánlíon úsáideoirí míosúla in aghaidh gach soláthraí aonair seirbhísí ainmnithe ar líne sa bhonntréimhse de réir na bhfigiúirí a bhfuil oibleagáid ar na soláthraithe seirbhísí ainmnithe ar líne a fhoilsiú de bhun Airteagal 24(2) den Acht um Sheirbhísí Digiteacha.

4. Ní mór do sholáthraí seirbhísí ainmnithe ar líne, tobhach a íoc, i leith na tréimhse tobhaigh, a ríomhtar trí thagairt a dhéanamh do shuim an mheánlín úsáideoirí míosúla in aghaidh gach seirbhís ainmnithe aonair ar líne de réir na foirmle seo a leanas-

$E$=(Costais Mheasta Rialáil na hEarnála)/(Líon na nÚsáideoirí Seirbhíse trasna na hEarnála)

5. Tá an tobhach atá iníoctha ag soláthraí seirbhísí ainmnithe ar líne, i leith na tréimhse tobhaigh, comhionann le E arna iolrú faoina mheánlíon míosúil úsáideoirí.

6. Nuair a bheidh an fhaisnéis ag an gCoimisiún maidir le meánlíon míosúil úsáideoirí de chuid gach soláthraí seirbhísí ainmnithe ar líne le haghaidh na bonntréimhse de bhun Airteagal 24(2) den Acht um Sheirbhísí Digiteacha, sannfaidh sé luach uimhriúil do E d’fhoirmle na tréimhse tobhaigh ionas go n-íocfaidh an tobhach a fhorchuirtear i leith na tréimhse tobhaigh as na costais a thabhóidh an Coimisiún go cuí agus as riachtanais caipitil oibre an Choimisiúin, i gcomhlíonadh a fheidhmeanna dó sa tréimhse thobhaigh, sa mhéid is nach n-íoctar as na costais agus na riachtanais sin ar aon chaoi eile.

7. Tar éis luach uimhriúil E le haghaidh na tréimhse tobhaigh a ríomh, foilseoidh an Coimisiún an luach do E.

8. Foilseoidh an Coimisiún, i ngach tréimhse thobhaigh, an luach do E ar bhealach a gcinnfidh sé.

9. Ní sheirbheálfaidh an Coimisiún fógraí faoi airteagal 9 i leith na tréimhse tobhaigh ach amháin tar éis dó an luach le haghaidh E don tréimhse thobhaigh a fhoilsiú, agus ní rachaidh níos lú ná seacht lá thart idir foilsiú den sórt sin agus seirbheáil fógraí den sórt sin.

10. Íocfaidh eintiteas a ghin meánlíon úsáideoirí míosúla ó bheith ag feidhmiú mar sholáthraí seirbhísí ainmnithe ar líne sa bhonntréimhse tobhach sa tréimhse thobhaigh fiú má stad sé de bheith ina sholáthraí seirbhísí ainmnithe ar líne sular thosaigh an tréimhse thobhaigh.

## SCEIDEAL 7

### Ioncam Cáilitheach sholáthraithe seirbhísí clár teilifíse agus sholáthraithe seirbhísí craolacháin fuaime

1. Sa sceideal seo—

ciallaíonn "an scéim um maoiniú craolacháin" scéim arna riar ag an gCoimisiún de bhua Chuid 10 d'Acht 2009, nó scéim faoi alt 154 d'Acht 2009;

ciallaíonn "Rialtas" an Rialtas a ndéantar foráil ina leith i mBunreacht na hÉireann;

ciallaíonn "ioncam idirghníomhach" ioncam arna ghiniúint ag soláthraí ó fhreagairt éisteora nó bhreathnóra ar chraolachán lena n-áirítear, gan teorainn, ioncam teileafónaíochta agus ioncam ó íocaíochtaí ar líne a ghintear mar sin;

ciallaíonn "seirbhís neamhlíneach" seirbhís arna cur ar fáil ag soláthraí seirbhísí clár teilifíse trína bhféadfaidh duine breathnú ar nó éisteacht le cláir ag am a roghnaíonn an t-úsáideoir agus ar a iarraidh nó a hiarraidh aonair ar bhonn catalóg clár arna roghnú ag an soláthraí seirbhísí clár teilifíse;

ciallaíonn "comhlacht poiblí" eintiteas a bhfuil a chinntí faoi réir athbhreithniú breithiúnach;

ciallaíonn "soláthraí" gach soláthraí seirbhísí a leagtar amach san Ordú seo a gcinnfear a dtobhach bunaithe ar ioncam cáilitheach.

2. Faoi réir mhír 4, is ioncam cáilitheach an tsoláthraí é airgead a íocann an Rialtas nó comhlacht poiblí leis an soláthraí sin trí dheontas.

3. Gan teorainn, is ioncam cáilitheach an tsoláthraí é airgead a íocann an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán leis an soláthraí sin.

4. Ní ioncam cáilitheach an tsoláthraí é airgead a íocann an Coimisiún leis an soláthraí sin faoin scéim um maoiniú craolacháin.

5. Faoi réir mhír 7, is ioncam cáilitheach de chuid an tsoláthraí é ioncam soláthraí a ghintear ó chumarsáid tráchtála (lena n-áirítear formhuirir mar gheall ar íocaíocht dhéanach agus pionóis chealúcháin) glan ó choimisiún an ghníomhaire, arna ríomh ar bhonn gnáthfhabhruithe.

6. Sa chás go dtugann soláthraí lascainí mar gheall ar íocaíocht luath agus/nó lascainí méide maidir le cumarsáid tráchtála, féadfar lascainí mar sin a chur san áireamh nuair atáthar ag ríomh ioncam cáilitheach an tsoláthraí.

7. Sa chás go n-íocann soláthraí coimisiún le gníomhaire i leith cumarsáid tráchtála agus go bhfuil an coimisiún sin os cionn 15% den mhéid atá iníoctha leis an soláthraí ag an duine dá gcraoltar an chumarsáid sin, ní ceadmhach an méid ar mó an coimisiún sin ná 15% a bhaint as nuair atá ioncam cáilitheach an tsoláthraí sin á ríomh.

7. Faoi réir mhír 9, sa chás go ndéantar soláthar réasúnta i gcuntais iniúchta soláthraí d'fhiacha amhrasacha a bhaineann le cumarsáid tráchtála, féadfar asbhaint chomhfhreagrach a dhéanamh nuair a bhíonn ioncam cáilitheach soláthraí den sórt sin á ríomh.

8. Ní fhéadfar aon asbhaint mar sin, dá dtagraítear i mír 8, a dhéanamh i ndáil le soláthar in aghaidh fiach amhrasach a mhéid nach mbeadh an t-ioncam lena mbaineann soláthar mar sin ina ioncam cáilitheach.

10. Faoi réir mhíreanna 5 agus 7, ní fhéadfar costais arna dtabhú ag soláthraí agus é ag fáil cumarsáid tráchtála a asbhaint nuair atá ioncam cáilitheach soláthraí den sórt sin á ríomh.

11. Sa chás go bhfaigheann soláthraí comaoin neamhairgid ar son cumarsáid tráchtála, méadófar ioncam cáilitheach an tsoláthraí de mhéid atá comhionann le meastachán an Choimisiúin ar luach na comaoine neamhairgid sin.

12. Faoi réir mhír 13, sa chás go ngineann soláthraí ioncam idirghníomhach is ioncam cáilitheach de chuid an tsoláthraí sin ioncam den sórt sin.

13. Sa chás go ngineann soláthraí ioncam idirghníomhach trí chláir chraolacháin ina bhfuil comórtais, féadfar luach na nduaiseanna a bhronntar ar rannpháirtithe a asbhaint le linn d'ioncam cáilitheach a bheith á ríomh, ach ní fhéadfar aon asbhaint a dhéanamh maidir le luach duaise a chuirtear ar fáil ar chostas tríú páirtí nó maidir le haon chostais eile arna dtabhú ar mhaithe le hioncam idirghníomhach a ghiniúint.

14. D'ainneoin aon fhoráil eile den sceideal seo, ioncam arna thuilleamh ag soláthraí ó sholáthar seirbhíse neamhlíní, ní ioncam cáilitheach de chuid an tsoláthraí sin é.

15. Ba cheart gach ioncam cáilitheach a leithroinnt ar an tseirbhís inar cruinníodh é. Sa chás nach bhfuil leithroinnt mar sin indéanta, leathfar ioncam cáilitheach ar fud na seirbhísí go léir a chuireann an soláthraí ar fáil bunaithe ar mhiondealú céatadáin d'ioncam cáilitheach leithroinnte na seirbhísí go léir a chuireann an soláthraí ar fáil.

## SCEIDEAL 8

### Ioncam Cáilitheach soláthraithe seirbhíse closamhairc ar éileamh

1. Sa sceideal seo—

ciallaíonn "an scéim um maoiniú craolacháin" scéim arna riar ag an gCoimisiún de bhua Chuid 10 d'Acht 2009, nó scéim faoi alt 154 d'Acht 2009;

ciallaíonn "Rialtas" an Rialtas a ndéantar foráil ina leith i mBunreacht na hÉireann;

ciallaíonn "ioncam idirghníomhach" ioncam arna ghiniúint ag soláthraí ó fhreagairt lucht féachana nó éisteachta ar sheirbhís meán closamhairc ar éileamh lena n-áirítear, gan teorainn, ioncam ó íocaíochtaí ar líne a ghintear mar sin;

ciallaíonn "comhlacht poiblí" eintiteas a bhfuil a chinntí faoi réir athbhreithniú breithiúnach;

ciallaíonn "soláthraí" gach soláthraí seirbhísí a leagtar amach san Ordú seo a gcinnfear a dtobhach bunaithe ar ioncam cáilitheach.

2. Faoi réir mhír 5, is ioncam cáilitheach de chuid an tsoláthraí é airgead a íocann an Rialtas nó comhlacht poiblí le soláthraí trí bhíthin deontais.

3. Gan teorainn, is ioncam cáilitheach an tsoláthraí é airgead a íocann an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán leis an soláthraí sin.

4. Ioncam arna ghiniúint ag soláthraí ó sholáthar seirbhíse meán closamhairc ar éileamh, lena n-áirítear an t-ioncam uile a bhaineann le soláthar seirbhíse den sórt sin lena n-áirítear (ach gan bheith teoranta do) maoiniú poiblí agus/nó ioncam ó shíntiúis, idirbhearta (lena n-áirítear cláir 'íoc ar fhéachaint', cláir a fhaightear ar cíos agus a cheannaítear) agus/nó fógraíocht, is ioncam cáilithe de chuid an tsoláthraí sin é.

5. Ní ioncam cáilitheach an tsoláthraí é airgead a íocann an Coimisiún leis an soláthraí sin faoin scéim um maoiniú craolacháin.

6. Faoi réir mhír 8, is ioncam cáilitheach an tsoláthraí é ioncam an tsoláthraí sin a ghintear ó chumarsáid tráchtála (lena n-áirítear formhuirir mar gheall ar íocaíocht dhéanach agus pionóis chealúcháin) glan ó choimisiún an ghníomhaire, arna ríomh ar bhonn gnáthfhabhruithe.

7. Sa chás go dtugann soláthraí lascainí mar gheall ar íocaíocht luath agus/nó lascainí méide maidir le cumarsáid tráchtála, féadfar lascainí mar sin a chur san áireamh nuair atáthar ag ríomh ioncam cáilitheach an tsoláthraí.

8. Sa chás go n-íocann soláthraí coimisiún le gníomhaire i leith cumarsáid tráchtála agus go bhfuil an coimisiún sin os cionn 15% den mhéid atá iníoctha leis an soláthraí ag an duine dá gcraoltar an chumarsáid sin, ní ceadmhach an méid ar mó an coimisiún sin ná 15% a bhaint as nuair atá ioncam cáilitheach an tsoláthraí sin á ríomh.

9. Faoi réir mhír 10, sa chás go ndéantar soláthar réasúnta i gcuntais iniúchta soláthraí d'fhiacha amhrasacha a bhaineann le cumarsáid tráchtála, féadfar asbhaint chomhfhreagrach a dhéanamh nuair a bhíonn ioncam cáilitheach soláthraí den sórt sin á ríomh.

10. Ní fhéadfar aon asbhaint mar sin, mar a dtagraítear dó i mír 9, a dhéanamh i gcás sholáthar in aghaidh fiach amhrasach sa mhéid nach mbeadh an t-ioncam lena mbaineann soláthar mar sin ina ioncam cáilitheach.

11. Faoi réir mhíreanna 6 agus 8, ní fhéadfar costais arna dtabhú ag soláthraí agus é ag fáil cumarsáid tráchtála a asbhaint nuair atá ioncam cáilitheach soláthraí den sórt sin á ríomh.

12. Sa chás go bhfaigheann soláthraí comaoin neamhairgid ar son cumarsáid tráchtála, méadófar ioncam cáilitheach an tsoláthraí de mhéid atá comhionann le meastachán an Choimisiúin ar luach na comaoine neamhairgid sin.

13. Sa chás go ngineann soláthraí ioncam idirghníomhach is ioncam cáilitheach de chuid an tsoláthraí sin ioncam den sórt sin.

Ba cheart gach ioncam cáilitheach a leithroinnt ar an tseirbhís inar cruinníodh é. Sa chás nach bhfuil leithroinnt den sórt sin indéanta, leathfar ioncam cáilitheach ar fud na seirbhísí go léir a sholáthraíonn an soláthraí bunaithe ar mhiondealú céatadáin d'ioncam cáilitheach leithroinnte na seirbhísí go léir a sholáthraíonn an soláthraí.

L.S.

ARNA THABHAIRT faoi shéala Choimisiún na Meán,

26 Aibreán, 2024.

JEREMY GODFREY,

Cathaoirleach Choimisiún na Meán.

NÓTA MÍNIÚCHÁIN

*(Ní cuid den Ionstraim an nóta seo ná ní ceart a mheas gur míniú dlíthiúil uirthi é.)*

Forchuirtear leis an Ordú seo tobhach ar aicmí sonracha áirithe de sholáthraithe seirbhíse meán closamhairc, de sholáthraithe seirbhísí craolacháin fuaime agus de sholáthraithe seirbhísí ainmnithe ar líne, chun íoc as costais an Choimisiúin a thabhófar go cuí agus as a riachtanais caipitil oibre i leith na tréimhse tobhaigh, sa mhéid is nach n-íoctar as na costais agus riachtanais sin ar aon bhealach eile.